**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0261/2022**

27.10.2022

# ***I
# TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1727 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinneadh 2005/671/CGB ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le malartú digiteach faisnéise i gcásanna sceimhlitheoireachta
(COM(2021)0757 – C9-0449/2021 – 2021/0393(COD))

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

Rapóirtéir don tuairim: Patryk Jaki

## *Eochair do na siombailí a úsáidtear*

| | |
|---|---|
| * | An nós imeachta comhairliúcháin |
| *** | Nós imeachta an toilithe |
| ***I | An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh) |
| ***II | An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh) |
| ***III | An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh) |

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

## *Leasuithe ar dhréachtghníomh*

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún**

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite**

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

## CLÁR

**Leathanach**

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ........................................5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN ..........................................................................................................30

NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH ............................................................................32

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH........33

## DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1727 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinneadh 2005/671/CGB ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le malartú digiteach faisnéise i gcásanna sceimhlitheoireachta**
**(COM(2021)0757 – C9-0449/2021 – 2021/0393(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2021)0767),

– ag féachaint d’Airteagal 294(2) agus d’Airteagal 16(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0441/2021),

– ag féachaint d’Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (A9-0261/2022),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach anseo ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (7) Chun an sceimhlitheoireacht a chomhrac ar bhealach éifeachtach, is den tábhacht é maidir le faisnéis chun cionta sceimhlitheoireacht a imscrúdú nó a | (7) Chun an sceimhlitheoireacht a chomhrac ar bhealach éifeachtach, is den tábhacht é maidir le faisnéis chun cionta sceimhlitheoireacht a imscrúdú nó a |

ionchúiseamh, go ndéanfaí í a mhalartú ar bhealach éifeachtúil tráthúil idir na húdaráis inniúla agus gníomhaireachtaí an Aontais. Tá sé ***fíor-riachtanach*** go mbeadh an fhaisnéis is iomláine agus is ***deireanaí is*** féidir ***acu. Tarraingíonn marthanacht na bagartha sceimhlitheoireachta agus castacht an fheiniméin anuas an gá le malartú faisnéise níos mó ná riamh.***

ionchúiseamh, go ndéanfaí í a mhalartú ar bhealach éifeachtúil tráthúil idir na húdaráis inniúla agus gníomhaireachtaí an Aontais. Tá sé ***ríthábhachtach*** go mbeadh an fhaisnéis is iomláine***, structúrtha, cothrom le dáta*** agus ***eagraithe agus*** is féidir ***ann agus an fhaisnéis sin a roinnt go córasach trí úsáid a bhaint as struchtúr coiteann.***

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (8) Toisc gur mó an bhaint a bhíonn ag eagraíochtaí sceimhlitheoireachta le cineálacha eile ***coireanna tromchúiseacha***, amhail gáinneáil ar dhaoine, gáinneáil ar dhrugaí nó sciúradh airgid, is gá freisin imeachtaí breithiúnacha a chros-seiceáil leis na coireanna tromchúiseanna sin. | (8) Toisc gur mó an bhaint a bhíonn ag eagraíochtaí sceimhlitheoireachta le cineálacha eile ***coireacht thromchúiseach agus eagraithe***, amhail gáinneáil ar dhaoine, gáinneáil ar dhrugaí***, coireacht airgeadais*** nó sciúradh airgid, is gá freisin imeachtaí breithiúnacha a chros-seiceáil leis na coireanna tromchúiseanna sin. |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (9) Chun a chur ar a chumas do Eurojust trasnaisc a shainaithint idir imeachtaí breithiúnacha trasteorann i gcoinne daoine faoi amhras maidir le cionta sceimhlitheoireachta maille le trasnaisc idir imeachtaí breithiúnacha i gcoinne daoine faoi amhras maidir le cionta sceimhlitheoireachta agus faisnéis a phróiseáiltear ag Eurojust a bhaineann le cásanna eile coireanna tromchúiseacha, tá sé fíor-thábhachtach go bhfaighidh Eurojust ***faisnéis leordhóthanach*** chun ***a*** | (9) Chun a chur ar a chumas do Eurojust trasnaisc a shainaithint idir imeachtaí breithiúnacha trasteorann i gcoinne daoine faoi amhras maidir le cionta sceimhlitheoireachta maille le trasnaisc idir imeachtaí breithiúnacha i gcoinne daoine faoi amhras maidir le cionta sceimhlitheoireachta agus faisnéis a phróiseáiltear ag Eurojust a bhaineann le cásanna eile coireanna tromchúiseacha, tá sé fíor-thábhachtach go bhfaighidh Eurojust ***an fhaisnéis is gá ó na húdaráis*** |

***chur ar a*** chumas ***dó*** na sonraí sin a chros-seiceáil.

***inniúla gan mhoill a luaithe is féidir*** chun ***cur ar*** chumas ***Eurojust*** na sonraí sin a chros-seiceáil ***agus na crosnaisc sin a shainaithint***.

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (10) Chun na sonraí sin a sholáthar, caithfidh na húdaráis inniúla fios a bheith acu go beacht cén cineál sonraí is gá dóibh a tharchur chuig Eurojust, ag cén chéim de na himeachtaí náisiúnta is gá na sonraí a tharchur agus cé na cásanna inar gá sin a dhéanamh. Meastar go gcuirfidh sin méadú nach beag ar ***an méid*** faisnéise a fhaigheann Eurojust. | (10) Chun na sonraí sin a sholáthar, caithfidh na húdaráis inniúla fios a bheith acu go beacht cén cineál sonraí is gá dóibh a tharchur chuig Eurojust, ag cén chéim de na himeachtaí ***coiriúla*** náisiúnta is gá na sonraí a tharchur agus cé na cásanna inar gá sin a dhéanamh. ***Ba cheart do na húdaráis náisiúnta inniúla faisnéis a tharchur chuig Eurojust ar bhealach leath-uathoibrithe agus ar bhealach struchtúrtha. Is éard is bealach leath-uathoibrithe ann bealach ina bhfuil an modh a úsáidtear chun faisnéis a tharchur uathoibrithe go páirteach agus rialaithe go páirteach ag duine.*** Meastar go gcuirfidh sin méadú nach beag ar ***cháilíocht agus ábharthacht na*** faisnéise a fhaigheann Eurojust. |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 10 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(10a) Má thugtar isteach cumhachtaí nua chun sonraí a chomhroinnt, a stóráil agus a chros-seiceáil, tiocfaidh méadú suntasach ar an méid sonraí a phróiseáiltear ag Eurojust. Dá bhrí sin, ba cheart foráil a dhéanamh d’acmhainní breise airgeadais, daonna agus teicniúla.*** |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (12) Chun trasnaisc a shainaithint idir imscrúduithe sceimhlitheoireachta agus imeachtaí breithiúnacha i gcoinne daoine faoi amhras maidir le cionta sceimhlitheoireachta, tá sonraí ***aitheantais iontaofa*** ríthábhachtach***.*** Mar gheall ar na héiginnteachtaí maidir le sonraí alfa-uimhriúla, go háirithe ***le haghaidh*** náisiúnaigh tríú ***tíortha***, ba cheart ***a bheith in ann*** sonraí ***bithmhéadracha*** a mhalartú. Mar gheall ar nádúr íogair na sonraí bithmhéadracha agus an tionchar a bhíonn ag próiseáil na sonraí bithmhéadracha ar an meas ar an saol príobháideach agus ar shaol an teaghlaigh agus ar chosaint sonraí pearsanta, mar a chumhdaítear in ***Airteagail 7 agus 8*** de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, ba cheart ***do na húdaráis inniúla*** agus ***Eurojust tástáil riachtanais dhocht a chur i bhfeidhm i ngach cás***. | (12) ***Tá malartú sonraí iontaofa sainaitheantais ríthábhachtach*** chun trasnaisc a shainaithint idir imscrúduithe sceimhlitheoireachta agus imeachtaí breithiúnacha i gcoinne daoine faoi amhras maidir le cionta sceimhlitheoireachta, ***chomh maith le tacar sonraí a shealbhú, a stóráil agus a mhalartú lena n-áirithítear gur féidir daoine aonair atá faoi réir imscrúduithe sceimhlitheoireachta nó imeachtaí breithiúnacha den sórt sin a shainaithint go hiontaofa. Dá bhrí sin,*** tá ***úsáid*** sonraí ***bithmhéadracha*** ríthábhachtach mar gheall ar na héiginnteachtaí maidir le sonraí alfa-uimhriúla, go háirithe ***i gcás*** náisiúnaigh tríú ***tír***, ***toisc go n-úsáideann daoine atá faoi dhrochamhras céannachtaí bréige agus dúbailte uaireanta, agus toisc gur minic is iad sonraí den sórt sin an t-aon nasc le daoine atá faoi dhrochamhras sa chéim imscrúdaitheach. Dá bhrí sin, más rud é, faoin dlí náisiúnta maidir le himeachtaí coiriúla nó cearta nós imeachta in imeachtaí coiriúla, go ndéanann na húdaráis inniúla náisiúnta sonraí bithmhéadracha a stóráil agus a bhailiú agus go gceadaítear dóibh iad a tharchur,*** ba cheart ***dóibh na*** sonraí ***sin*** a mhalartú ***le Eurojust***. Mar gheall ar nádúr íogair na sonraí bithmhéadracha agus an tionchar a bhíonn ag próiseáil na sonraí bithmhéadracha ar an meas ar an saol príobháideach agus ar shaol an teaghlaigh agus ar chosaint sonraí pearsanta, mar a chumhdaítear in ***Airteagail 7 agus 8*** de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, ba cheart ***sonraí den sórt sin a tharchur ar bhealach a chomhlíonann go docht prionsabail an riachtanais, na comhréireachta*** agus ***an teorannaithe de réir cuspóra agus chun daoine aonair atá*** |

| | |
|---|---|
| | ***faoi réir imeachtaí coiriúla a bhaineann le cionta sceimhlitheoireachta a shainaithint agus chun na críche sin amháin***. |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 13**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (13) Toisc gur úsáidí ag céim luath den imscrúdú í faisnéis maidir le trasnaisc atá ann cheana féin le himeachtaí breithiúnacha eile, is gá do na húdaráis inniúla faisnéis a sholáthar do Eurojust a luaithe a ***bhíonn baint ag údaráis bhreithiúnacha*** leis an gcás. Má bhíonn na húdaráis náisiúnta inniúla ar an eolas faoi thrasnaisc cheana féin, ba cheart dóibh Eurojust a chur ar an eolas dá réir sin. | (13) Toisc gur úsáidí ag céim luath den imscrúdú í faisnéis maidir le trasnaisc atá ann cheana féin le himeachtaí breithiúnacha eile, is gá do na húdaráis inniúla faisnéis a sholáthar do Eurojust a luaithe a ***chuirtear an cás faoi bhráid údarás breithiúnach i gcomhréir*** leis an ***dlí náisiúnta. Ba cheart a mheas gur tarchuireadh cás chuig údarás breithiúnach i*** gcás***, mar shampla, ina gcuirtear an t-údarás breithiúnach ar an eolas faoi imscrúdú atá ar siúl, ina bhformheasann nó ina n-ordaíonn sé beart imscrúdaithe, nó ina gcinneann sé ionchúiseamh a dhéanamh, ag brath ar an dlí náisiúnta is infheidhme***. Má bhíonn na húdaráis náisiúnta inniúla ar an eolas faoi thrasnaisc ***idir imeachtaí coiriúla*** cheana féin, ba cheart dóibh Eurojust a chur ar an eolas dá réir sin. |

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 14**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (14) Chun cruinneas na sonraí sa Chlár Breithiúnach Eorpach Frithsceimhlitheoireachta a áirithiú, chun trasnaisc a shainaithint ***go luath*** agus chun a áirithiú go gcloítear le teorainneacha ama, ba cheart do na húdaráis inniúla ***an*** | (14) Chun cruinneas na sonraí sa Chlár Breithiúnach Eorpach Frithsceimhlitheoireachta a áirithiú, chun trasnaisc a shainaithint ***a luaithe is féidir in imscrúdú*** agus chun a áirithiú go gcloítear le teorainneacha ama, ba cheart do na |

***fhaisnéis a sholáthraítear a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta***. Agus an fhaisnéis á tabhairt cothrom le dáta, ba ceart a áireamh inti faisnéis nua a bhaineann leis an duine atá faoi imscrúdú, cinntí breithiúnacha amhail athchuir faoi choimeád nó oscailt na n-imeachtaí cúirte agus iarrataí ar chomhar breithiúnach nó naisc atá sainaitheanta le dlínsí eile.

húdaráis inniúla ***faisnéis nuashonraithe a chur ar fáil aon uair a bheidh ann di***. Agus an fhaisnéis á tabhairt cothrom le dáta, ba ceart a áireamh inti faisnéis nua a bhaineann leis an duine atá faoi imscrúdú, ***forbairtí sna himeachtaí agus*** cinntí breithiúnacha amhail athchuir faoi choimeád nó oscailt na n-imeachtaí cúirte agus iarrataí ar chomhar breithiúnach nó naisc atá sainaitheanta le dlínsí eile ***mar aon le fíoraisc agus taiscí neamhchiontacha***.

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 15**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (15) ***Mar gheall ar íogaireacht imeachtaí breithiúnacha i gcoinne daoine faoi amhras maidir le cionta sceimhlitheoireachta, ní i gcónaí a bhíonn*** na húdaráis náisiúnta ***inniúla in ann an fhaisnéis maidir le cionta*** sceimhlitheoireachta a roinnt ag an gcéim is luaithe. Ba cheart ***gur eisceacht i gcónaí a bheadh i*** maoluithe den chineál sin ar an oibleagáid faisnéis a sholáthar. | (15) ***Níor cheart é a bheith d'oibleagáid ar*** na húdaráis ***inniúla*** náisiúnta ***faisnéis faoi chionta*** sceimhlitheoireachta a roinnt ***le Eurojust*** ag an gcéim is luaithe ***i gcás ina gcuirfeadh sé imscrúduithe leanúnacha nó sábháilteacht duine aonair i mbaol nó i gcás ina mbeadh sé contrártha do leasanna bunúsacha shlándáil an Bhallstáit lena mbaineann faisnéis a roinnt***. Ba cheart ***nach gcuirfí*** maoluithe den chineál sin ar an oibleagáid faisnéis a sholáthar ***i bhfeidhm ach amháin i gcúinsí eisceachtúla agus ar bhonn cás ar chás***. ***Agus breithniú á dhéanamh i dtaobh ar cheart maolú a dhéanamh ar an oibleagáid sin, ba cheart aird chuí a thabhairt ar an bhfíoras go láimhseálann Eurojust an fhaisnéis a sholáthraíonn na húdaráis náisiúnta i gcomhréir le dlí an Aontais maidir le cosaint sonraí agus rúndacht na n-imeachtaí breithiúnacha á breithniú ag an am céanna.*** |

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 16**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (16) Chun sonraí íogaire a mhalartú agus a phróiseáil idir na húdaráis náisiúnta inniúla agus Eurojust chun na sonraí sin a chosaint ar nochtadh neamhúdaraithe agus cibirionsaithe, agus gan dochar d'fhorbairtí teicneolaíochta a bheidh ann amach anseo, ba cheart cainéil chumarsáide shlána a úsáid, amhail na cainéil chumarsáide shlána dá dtagraítear in Airteagal 9 de Chinneadh ***2008/976/CGB***[35] ón gComhairle nó an córas TF díláraithe mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) […/…] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón ***gComhairle***[36] [Rialachán maidir le digiteáil an chomhair bhreithiúnaigh]. ***Chun sonraí a mhalartú ar bhealach slán agus iontaofacht na cumarsáide agus an mhalartaithe sonraí a chosaint, ba cheart an córas bainistithe cásanna a nascadh leis na córais chumarsáide shlána sin agus ardchaighdeáin chibearshlándála a chomhlíonadh.*** | (16) Chun sonraí íogaire a mhalartú agus a phróiseáil idir na húdaráis náisiúnta inniúla agus Eurojust chun na sonraí sin a chosaint ar nochtadh neamhúdaraithe agus cibirionsaithe, agus gan dochar d'fhorbairtí teicneolaíochta a bheidh ann amach anseo, ba cheart cainéil chumarsáide shlána a úsáid, amhail na cainéil chumarsáide shlána dá dtagraítear in Airteagal 9 de Chinneadh ***2008/976/CGB*** ón gComhairle nó an córas TF díláraithe mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) […/…] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón ***gComhairle*** [Rialachán maidir le digiteáil an chomhair bhreithiúnaigh]. |
| [35] Cinneadh 2008/976/CGB ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir leis an nGréasán Breithiúnach Eorpach (IO L 348, 24.12.2008, lch. 130). | [35] Cinneadh 2008/976/CGB ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir leis an nGréasán Breithiúnach Eorpach (IO L 348, 24.12.2008, lch. 130). |
| [36] Rialachán (AE) […/…] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le digiteáil an chomhair bhreithiúnaigh agus rochtain ar an gceartas i gcásanna dlí sibhialta, tráchtála agus coiriúil (IO L …). | [36] Rialachán (AE) […/…] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le digiteáil an chomhair bhreithiúnaigh agus rochtain ar an gceartas i gcásanna dlí sibhialta, tráchtála agus coiriúil (IO L …). |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 16 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(16a) Chun sonraí a mhalartú go slán*** |

| | |
|---|---|
| | ***agus chun sláine an mhalartaithe sonraí a chosaint, ba cheart an córas bainistithe cásanna a nascadh le bealaí cumarsáide slána, amhail na cainéil chumarsáide shlána dá dtagraítear in Airteagal 9 de Chinneadh 2008/976/CGB ón gComhairle nó an córas TF díláraithe mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) […/…] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [Rialachán maidir le digiteáil an chomhair bhreithiúnaigh] agus ba cheart dó ardchaighdeáin chibearshlándála a chomhlíonadh. Féadfar bealaí cumarsáide slána den sórt sin a úsáid freisin chun an córas bainistithe cásanna a nascadh le córais faisnéise eile de chuid an Aontais Eorpaigh a mhéid a fhoráiltear do rochtain ag Eurojust leis na gníomhartha dlí lena mbunaítear na córais sin.*** |

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 19**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (19) Tá gá le córas bainistithe cásanna nuachóirithe chun go bhféadfaidh Eurojust na sonraí pearsanta íogaire a phróiseáil go slán. Is gá don chóras nua feidhmiúlachtaí an Chláir Breithiúnaigh Eorpaigh Frithsceimhlitheoireachta a chomhtháthú agus a chumasú agus feabhas a chur ar inniúlachtaí Eurojust maidir le ***naisc*** a bhrath. | (19) Tá gá le córas bainistithe cásanna nuachóirithe chun go bhféadfaidh Eurojust na sonraí pearsanta íogaire a phróiseáil go slán. Is gá don chóras nua feidhmiúlachtaí an Chláir Breithiúnaigh Eorpaigh Frithsceimhlitheoireachta a chomhtháthú agus a chumasú agus feabhas a chur ar inniúlachtaí Eurojust maidir le ***trasnaisc*** a bhrath ***agus, mar riail ghinearálta, lántairbhe á baint as sásraí chun comparáid a dhéanamh idir sonraí bithmhéadracha atá ann cheana agus atá i bhfeidhm cheana ar an leibhéal náisiúnta nó ar leibhéal an Aontais***. |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 21**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (21) Is minic ***a bhíonn tionchar ag gníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta*** ar dhá Bhallstát nó níos mó. Bhí gné thrasnáisiúnta láidir ag an sceimhlitheoireacht cheana féin san am atá thart. Tá méadú suntasach tagtha ar an gcomhar trasnáisiúnta idir ciontóirí sceimhlitheoireachta, áfach, de thoradh úsáid agus infhaighteacht na cumarsáide leictreonaí. Dá bhrí sin***, ba cheart*** cionta sceimhlitheoireachta a ***mheas per se mar chionta trasnáisiúnta de thoradh a gcineáil***, mura léirítear go soiléir le cúinsí sonracha an cháis gur cionta náisiúnta amháin iad. | (21) ***Tá an sceimhlitheoireacht agus an choireacht thromchúiseach agus eagraithe an lá atá inniu ann an-dinimiciúil agus*** is ***feiniméin domhandaithe iad a mbíonn tionchar acu go*** minic ar dhá Bhallstát nó níos mó. Bhí gné thrasnáisiúnta láidir ag an sceimhlitheoireacht cheana féin san am atá thart. Tá méadú suntasach tagtha ar an gcomhar trasnáisiúnta idir ciontóirí sceimhlitheoireachta, áfach, de thoradh úsáid agus infhaighteacht na cumarsáide leictreonaí. ***D'fhéadfadh sé nach mbeadh eolas ar ghné thrasnáisiúnta ciona sceimhlitheoireachta tráth a chuirfear an cás faoi bhráid údarás breithiúnach. Mar sin féin, is féidir gné thrasnáisiúnta ciona sceimhlitheoireachta a nochtadh trí shonraí cros-seiceála Eurojust. Tá gá le comhordú agus comhar idir údaráis ionchúisimh nó le hionchúiseamh ar fhorais choiteanna*** dá bhrí sin ***chun*** cionta sceimhlitheoireachta a ***imscrúdú nó a ionchúiseamh***, ***dá bhforáiltear in Airteagal 85 CFAE. Ba cheart faisnéis faoi chásanna sceimhlitheoireachta a mhalartú le Eurojust go tráthúil,*** mura ***rud é go*** léirítear go soiléir le cúinsí sonracha an cháis gur cionta náisiúnta amháin iad. |

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 22**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (22) Is minic a chuireann an easpa malartaithe sonraí idir na húdaráis náisiúnta imscrúdúcháin agus ionchúisimh bac ar imscrúduithe agus ionchúisimh i gcásanna sceimhlitheoireachta. Chun go | (22) Is minic a chuireann an easpa malartaithe sonraí idir na húdaráis náisiúnta imscrúdúcháin agus ionchúisimh bac ar imscrúduithe agus ionchúisimh i gcásanna sceimhlitheoireachta. Chun go |

bhféadfaí imscrúduithe nua sceimhlitheoireachta a chros-seiceáil le himscrúduithe a rinneadh roimhe seo agus naisc a d'fhéadfadh a bheith ann a bhunú, is gá ***na*** sonraí maidir le haon ***imscrúdú*** a rinneadh roimhe seo ***a stóráil, ní hamháin na sonraí maidir le ciontuithe, agus*** is gá ***freisin*** síneadh a chur leis na teorainneacha ama maidir le stóráil sonraí sa Chlár Breithiúnach Eorpach Frithsceimhlitheoireachta. Is gá a chinntiú, áfach, nach bpróiseálfaí na sonraí sin ach chun críoch ionchúisimh. Ní fhéadfar an fhaisnéis a úsáid ar aon chúis eile ach chun naisc a shainaithint le himscrúduithe agus ionchúisimh leanúnacha agus chun tacú leis na himscrúduithe agus na hionchúisimh sin.

bhféadfaí imscrúduithe nua sceimhlitheoireachta a chros-seiceáil le himscrúduithe a rinneadh roimhe seo agus naisc a d'fhéadfadh a bheith ann a bhunú, is gá ***a áirithiú i dtaca le tréimhse coinneála*** sonraí maidir le haon ***imscrúduithe agus ciontuithe*** a rinneadh roimhe seo***, gur leormhaith í le haghaidh gníomhaíochtaí oibríochta. Dá bhrí sin,*** is gá síneadh a chur leis na teorainneacha ama maidir le stóráil sonraí sa Chlár Breithiúnach Eorpach Frithsceimhlitheoireachta. ***Leis an bhféidearthacht imscrúduithe nua sceimhlitheoireachta a chros-seiceáil le himscrúduithe a rinneadh roimhe seo, d'fhéadfaí go mbunófaí naisc fhéideartha agus an gá le haghaidh comhair. D'fhéadfaí go nochtfaí le cros-seiceáil den sórt sin go raibh duine atá faoi amhras nó á ionchúiseamh i gcás leanúnach i mBallstát faoi amhras nó gur ionchúisíodh é i gcás a tugadh chun críche i mBallstát eile. D'fhéadfaí go mbunófaí naisc léi freisin idir imscrúduithe nó ionchúisimh leanúnacha a d'fhéadfadh a bheith curtha i bhfolach murach sin.*** Is ***amhlaidh an scéal fiú i gcás imscrúduithe inarbh é éigiontú nó cinneadh críochnaitheach gan ionchúiseamh an toradh a bhí orthu. Dá bhrí sin, is*** gá ***na sonraí maidir le haon imscrúduithe*** a ***rinneadh roimhe seo a stóráil, ní hamháin ar chiontuithe. Is gá a*** chinntiú, áfach, nach bpróiseálfaí na sonraí sin ach chun críoch ionchúisimh. Ní fhéadfar an fhaisnéis a úsáid ar aon chúis eile ach chun naisc a shainaithint le himscrúduithe agus ionchúisimh leanúnacha agus chun tacú leis na himscrúduithe agus na hionchúisimh sin. ***Ach amháin má chinneann an t-údarás inniúil náisiúnta a mhalairt, ar bhonn cás ar chás, ba cheart do Eurojust a bheith in ann leanúint de na sonraí oibríochtúla sin a phróiseáil. I gcás ina gcinnfidh an t-údarás náisiúnta inniúil, tar éis don chinneadh éigiontú nó ionchúiseamh a dhéanamh a bheith críochnaitheach,***

| | |
|---|---|
| | ***nach gá sonraí daoine éigiontaithe nó neamhionchúisithe a phróiseáil, lena n-áirítear mar gheall ar shainiúlachtaí an cháis nó mar gheall ar na forais atá leis an éigiontú nó leis an neamh-ionchúiseamh, ba cheart na sonraí sin a scriosadh.*** |

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 24**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (24) Cé go bhfuil Rialachán (AE) 2018/1727 ina bhunús dlí don chomhar agus don mhalartú sonraí le tríú tíortha, níl aon riail ann maidir le gnéithe foirmiúla agus teicniúla an chomhair le hionchúisitheoirí idirchaidrimh tríú tír ar iasacht le Eurojust, go háirithe maidir lena rochtain ar an gcóras bainistithe cásanna. Ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil, ba cheart do Rialachán (AE) 2018/1727 bunús dlí sainráite a sholáthar le haghaidh an chomhair idir Eurojust agus na hionchúisitheoirí idirchaidrimh tríú tír agus le haghaidh a rochtana ar chóras bainistithe cásanna Eurojust. Ba cheart do Eurojust coimircí leordhóthanacha agus bearta slándála a ***áirithiú*** maidir le sonraí agus cearta bunúsacha a chosaint, agus ba cheart sin a dhéanamh tríd an socrú teicniúil agus rialacha inmheánacha. | (24) Cé go bhfuil Rialachán (AE) 2018/1727 ina bhunús dlí don chomhar agus don mhalartú sonraí le tríú tíortha, níl aon riail ann maidir le gnéithe foirmiúla agus teicniúla an chomhair le hionchúisitheoirí idirchaidrimh tríú tír ar iasacht le Eurojust, go háirithe maidir lena rochtain ar an gcóras bainistithe cásanna. Ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil, ba cheart do Rialachán (AE) 2018/1727 bunús dlí sainráite a sholáthar le haghaidh an chomhair idir Eurojust agus na hionchúisitheoirí idirchaidrimh tríú tír agus le haghaidh a rochtana ar chóras bainistithe cásanna Eurojust. Ba cheart do Eurojust coimircí leordhóthanacha agus bearta slándála a ***chur chun feidhme*** maidir le sonraí agus cearta bunúsacha a chosaint, agus ba cheart sin a dhéanamh tríd an socrú teicniúil ***nuashonraithe*** agus ***trí*** rialacha ***dochta*** inmheánacha. |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Leasaítear Rialachán (AE) ***2017/1727*** mar | Leasaítear Rialachán (AE) ***2018/1727*** mar |

a leanas: a leanas:

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2**
Rialachán (AE) 2018/1727
Airteagal 20 – mír 2a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2a. Ainmneoidh gach Ballstát údarás náisiúnta inniúil mar chomhfhreagraí náisiúnta Eurojust le haghaidh cúrsaí sceimhlitheoireachta. Is údarás breithiúnach nó údarás inniúil eile a bheidh sa chomhfhreagraí náisiúnta sin le haghaidh cúrsaí sceimhlitheoireachta. Is féidir níos mó ná údarás amháin a ainmniú i gcás ina gceanglaítear sin leis an gcóras náisiúnta dlí. Beidh rochtain ag an gcomhfhreagraí náisiúnta le haghaidh cúrsaí sceimhlitheoireachta ar an bhfaisnéis ábhartha uile i gcomhréir le hAirteagal 21a(1). Beidh sé inniúil an fhaisnéis sin a bhailiú agus í a sheoladh chuig Eurojust.***;*** | 2a. Ainmneoidh gach Ballstát údarás náisiúnta inniúil mar chomhfhreagraí náisiúnta Eurojust le haghaidh cúrsaí sceimhlitheoireachta. Is údarás breithiúnach nó údarás inniúil eile a bheidh sa chomhfhreagraí náisiúnta sin le haghaidh cúrsaí sceimhlitheoireachta. Is féidir níos mó ná údarás amháin a ainmniú i gcás ina gceanglaítear sin leis an gcóras náisiúnta dlí. Beidh rochtain ag an gcomhfhreagraí náisiúnta le haghaidh cúrsaí sceimhlitheoireachta ar an bhfaisnéis ábhartha uile i gcomhréir le hAirteagal 21a(1). Beidh sé inniúil an fhaisnéis sin a bhailiú agus í a sheoladh chuig Eurojust ***i gcomhréir leis an dlí nós imeachta choiriúil náisiúnta agus leis na rialacha cosanta sonraí is infheidhme***. |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe b**
Rialachán (AE) 2018/1727
Airteagal 21 – mír 10

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) ***scriostar mír 10;*** | (b) ***cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 10:*** |
| | ***10. Ní bheidh sé d'oibleagáid ar na húdaráis náisiúnta inniúla faisnéis dá dtagraítear san Airteagal seo a chur ar fáil i gcás inar tarchuireadh cheana í chuig Eurojust i gcomhréir le forálacha*** |

|  |  |
|---|---|
|  | ***eile den Rialachán seo.*** |

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Rialachán (AE) 2018/1727
Airteagal 21a – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Cuirfidh na húdaráis náisiúnta inniúla a gcomhaltaí náisiúnta ar an eolas maidir leis na nithe seo a leanas: aon imscrúdú coiriúil leanúnach nó críochnaithe faoi mhaoirseacht údaráis bhreithiúnacha, ionchúisimh, imeachtaí cúirte agus cinntí cúirte maidir le cionta sceimhlitheoireachta a luaithe a ***bhíonn baint ag údaráis bhreithiúnacha*** leis an ***gcás***. | 1. Cuirfidh na húdaráis náisiúnta inniúla a gcomhaltaí náisiúnta ar an eolas maidir leis na nithe seo a leanas: aon imscrúdú coiriúil leanúnach nó críochnaithe faoi mhaoirseacht údaráis bhreithiúnacha, ionchúisimh, imeachtaí cúirte agus cinntí cúirte maidir le cionta sceimhlitheoireachta a luaithe a ***chuirfear an cás faoi bhráid na n-údarás breithiúnach i gcomhréir*** leis an ***dlí nós imeachta choiriúil náisiúnta is infheidhme . Beidh feidhm ag an oibleagáid sin maidir le gach imscrúdú coiriúil a bhaineann le cion sceimhlitheoireachta bíodh nasc aitheanta ann le Ballstát eile nó le tríú tír nó ná bíodh, seachas más soiléir nach déanann an t-imscrúdú coiriúil difear, mar gheall ar a chúinsí sonracha, ach d'aon Bhallstát amháin.*** |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Rialachán (AE) 2018/1727
Airteagal 21a – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Chun críoch an Airteagail seo, is cionta sceimhlitheoireachta iad na cionta dá dtagraítear i dTreoir (AE) 2017/541 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*. An oibleagáid dá dtagraítear | 2. Chun críoch an Airteagail seo, is cionta sceimhlitheoireachta iad na cionta dá dtagraítear i dTreoir (AE) 2017/541 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*. An oibleagáid dá dtagraítear |

i mír 1, beidh feidhm aici maidir le gach cion sceimhlitheoireachta bíodh nasc aitheanta ann le Ballstát eile nó le tríú tír nó ná bíodh***, seachas más soiléir nach déanann an cás difear, mar gheall ar a chúinsí sonracha, ach d'aon Bhallstát amháin***.

______________

* Treoir (AE) 2017/541 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir leis an sceimhlitheoireacht a chomhrac, agus lena n-ionadaítear Cinneadh Réime 2002/475/CGB ón gComhairle agus lena leasaítear Cinneadh 2005/671/CGB ón gComhairle (IO L 88, 31.3.2017, lch. 6).'

i mír 1, beidh feidhm aici maidir le gach cion sceimhlitheoireachta bíodh nasc aitheanta ann le Ballstát eile nó le tríú tír nó ná bíodh.

______________

* Treoir (AE) 2017/541 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir leis an sceimhlitheoireacht a chomhrac, agus lena n-ionadaítear Cinneadh Réime 2002/475/CGB ón gComhairle agus lena leasaítear Cinneadh 2005/671/CGB ón gComhairle (IO L 88, 31.3.2017, lch. 6).'

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Rialachán (AE) 2018/1727
Airteagal 2a – mír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. An fhaisnéis a tharchuirtear i gcomhréir le mír 1, áireofar inti na sonraí pearsanta oibríochtúla agus na sonraí neamhphearsanta a liostaítear in Iarscríbhinn III. | 3. An fhaisnéis a tharchuirtear i gcomhréir le mír 1, áireofar inti na sonraí pearsanta oibríochtúla agus na sonraí neamhphearsanta a liostaítear in Iarscríbhinn III. ***Mar sin féin, ní chuirfear sonraí pearsanta dá dtagraítear in Iarscríbhinn III, pointe (d), san áireamh ach amháin i gcás ina bhfuil na sonraí sin i seilbh na n-údarás náisiúnta ábhartha nó ina bhféadfar iad a chomhroinnt leo faoin dlí náisiúnta is infheidhme agus i gcás inar gá iad a tharchur chun duine dá dtagraítear in Airteagal 27(5) a shainaithint go cruinn.*** |

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**

Rialachán (AE) 2018/1727
Airteagal 21a – mír 4 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Cuirfidh na húdaráis náisiúnta inniúla a gcomhalta náisiúnta ar an eolas gan mhoill ***maidir le haon athrú*** ábhartha ar na himeachtaí náisiúnta. | Cuirfidh na húdaráis náisiúnta inniúla a gcomhalta náisiúnta ar an eolas gan mhoill ***agus, in aon chás, tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis na n-athruithe*** ábhartha ar na himeachtaí náisiúnta. |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Rialachán (AE) 2018/1727
Airteagal 21a – mír 5

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Ní bheidh feidhm ag ***mír 1 i gcás ina ndéanfaí imscrúduithe reatha nó sábháilteacht duine aonair a chur i mbaol dá ndéanfaí faisnéis a roinnt, ná i gcás ina mbeadh sé contrártha do leasanna bunúsacha shlándáil an Bhallstáit lena mbaineann faisnéis a roinnt.*** | 5. Ní bheidh feidhm ag ***mír 1 ná ag mír 4 sna cásanna seo a leanas:*** |
| | ***(a) ina gcuirfeadh comhroinnt faisnéise imscrúdú reatha nó sábháilteacht duine aonair i mbaol; nó*** |
| | ***(b) ina mbeadh comhroinnt faisnéise contrártha do leasanna slándála bunúsacha an Bhallstáit lena mbaineann.*** |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Rialachán (AE) 2018/1727
Airteagal 21a – mír 5a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***5a. Ní bheidh sé d'oibleagáid ar an údarás náisiúnta inniúil faisnéis dá dtagraítear san Airteagal seo a chur ar*** |

***fáil i gcás inar tarchuireadh cheana í chuig Eurojust.***

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4 a (nua)**
Rialachán (AE) 2018/1727
Airteagal 22 – mír 2 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(4a) in Airteagal 22, cuirtear isteach an mhír seo a leanas:*** |
| | ***2a. Coimeádfaidh na húdaráis náisiúnta inniúla Eurojust ar an eolas faoi na gníomhaíochtaí leantacha arna ndéanamh maidir le naisc arna sainaithint ar bhonn na faisnéise arna soláthar faoi Airteagal 21a.*** |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5**
Rialachán (AE) 2018/1727
Airteagal 22a – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Is tríd an gcóras TF díláraithe mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle* [Rialachán maidir le digiteáil an chomhair bhreithiúnaigh] a dhéanfar an chumarsáid idir na húdaráis náisiúnta inniúla agus Eurojust faoin Rialachán seo. | 1. Is tríd an gcóras TF díláraithe mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle* [Rialachán maidir le digiteáil an chomhair bhreithiúnaigh] a dhéanfar an chumarsáid idir na húdaráis náisiúnta inniúla agus Eurojust faoin Rialachán seo. ***Déanfar an córas bainistithe cásanna dá dtagraítear in Airteagal 23 den Rialachán seo a nascadh leis an gcóras TF díláraithe.*** |
| * [Rialachán (AE) […/…] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le digiteáil an chomhair bhreithiúnaigh](IO | * [Rialachán (AE) […/…] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le digiteáil an chomhair bhreithiúnaigh](IO |

| | |
|---|---|
| L …). | L …). |

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5**
Rialachán (AE) 2018/1727
Airteagal 22a – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. I gcás nach bhféadfar faisnéis a mhalartú i gcomhréir le mír 1 de dheasca nach mbeidh an córas TF díláraithe ar fáil nó de dheasca imthosca eisceachtúla, malartófar í leis na modhanna malartacha is iomchuí agus is gasta is féidir. Áiritheoidh na Ballstáit agus Eurojust go mbeidh na modhanna malartacha cumarsáide iontaofa agus go gcuirfear leibhéal coibhéiseach slándála ar fáil leo. | 2. I gcás nach bhféadfar faisnéis a mhalartú i gcomhréir le mír 1 de dheasca nach mbeidh an córas TF díláraithe ar fáil nó de dheasca imthosca eisceachtúla, malartófar í leis na modhanna malartacha is iomchuí agus is gasta is féidir. Áiritheoidh na Ballstáit agus Eurojust go mbeidh na modhanna malartacha cumarsáide iontaofa agus go gcuirfear leibhéal coibhéiseach slándála ***agus cosanta sonraí*** ar fáil leo. |

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5**
Rialachán (AE) 2018/1727
Airteagal 22a – mír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Déanfaidh na húdaráis náisiúnta inniúla an fhaisnéis a tharchur chuig Eurojust i gcomhréir le hAirteagal 21 agus Airteagal 21a ar bhealach leath-uathoibrithe ó chlár náisiúnta agus ar bhealach struchtúrtha arna ***bhunú*** ag Eurojust. | 3. Déanfaidh na húdaráis náisiúnta inniúla an fhaisnéis a tharchur chuig Eurojust i gcomhréir le hAirteagal 21 agus Airteagal 21a ar bhealach leath-uathoibrithe ó chlár náisiúnta agus ar bhealach struchtúrtha arna ***chinneadh*** ag ***an gCoimisiún i gcomhairle le*** Eurojust***, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, de bhun Airteagail 22b agus 22c***. ***Leagfar amach sa ghníomh cur chun feidhme sin, go háirithe, an fhormáid chun sonraí a tharchur dá dtagraítear in Iarscríbhinn III, pointe (d) agus na caighdeáin theicniúla is gá i ndáil le sonraí den sórt*** |

| | |
|---|---|
| | ***sin a tharchur.*** |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6**
Rialachán (AE) 2018/1727
Airteagal 23 – mír 3 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. I gcás inar tugadh rochtain do Eurojust ar shonraí ó chórais faisnéise eile de chuid an Aontais arna mbunú faoi ghníomhartha dlí eile de chuid an Aontais, féadfaidh sé úsáid a bhaint as an gcóras bainistithe cásanna chun nascadh leis na córais sin chun faisnéis, lena n-áirítear sonraí pearsanta, a aisghabháil agus a phróiseáil, ar choinníoll go bhfuil sé riachtanach chun a chuid cúraimí a chomhlíonadh.*** |

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6**
Rialachán (AE) 2018/1727
Airteagal 23 – mír 3 b (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3b. Ní dheonófar aon chearta rochtana eile do Eurojust ar chórais faisnéise eile de chuid an Aontais faoi mhír 3 agus faoi mhír (3a).*** |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6**
Rialachán (AE) 2018/1727
Airteagal 23 – mír 5 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Féadfaidh na comhaltaí náisiúnta sonraí pearsanta a stóráil agus a anailísiú ar bhonn sealadach, áfach, chun a chinneadh an bhfuil sonraí den sórt sin ábhartha do chúraimí Eurojust agus an bhféadfar iad a áireamh sa chóras bainistithe ***sonraí oibríochtúla***. Féadfar na sonraí sin a choimeád ar feadh tréimhse suas le 3 mhí. | Féadfaidh na comhaltaí náisiúnta sonraí pearsanta a stóráil agus a anailísiú ar bhonn sealadach, áfach, chun a chinneadh an bhfuil sonraí den sórt sin ábhartha do chúraimí Eurojust agus an bhféadfar iad a áireamh sa chóras bainistithe ***cásanna***. Féadfar na sonraí sin a choimeád ar feadh tréimhse suas le 3 mhí. |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6**
Rialachán (AE) 2018/1727
Airteagal 24 – mír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Léireoidh an comhalta náisiúnta, i dtéarmaí ginearálta nó sonracha, ***aon*** srian ar láimhseáil, rochtain agus aistriú breise na faisnéise má shainaithnítear trasnasc dá dtagraítear in Airteagal 23(2), pointe (c). | 3. Léireoidh an comhalta náisiúnta, i ***gcomhréir le hAirteagal 9(3) agus (4) de Threoir (AE) 2016/680 agus Airteagal 76 de Rialachán (AE) 2018/1725 agus i gcomhairle leis na húdaráis náisiúnta, agus tabharfaidh sé údar, i*** dtéarmaí ginearálta nó sonracha, ***le haon*** srian ar láimhseáil, rochtain agus aistriú breise na faisnéise má shainaithnítear trasnasc dá dtagraítear in Airteagal 23(2), pointe (c). |

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6**
Rialachán (AE) 2018/1727
Airteagal 25 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. ***Sa mhéid go bhfuil siad nasctha leis an gcóras bainistithe cásanna ní fhéadfaidh*** daoine dá dtagraítear in Airteagal 20(3) rochtain ***a fháil ach*** ar an méid seo a leanas: | 1. ***Na*** daoine dá dtagraítear in Airteagal 20(3)***, pointí (a), (b) agus (c), beidh*** rochtain ***acu*** ar an méid seo a leanas: |

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6**
Rialachán (AE) 2018/1727
Airteagal 25 – mír 1 – pointe a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) sonraí a rialaíonn comhalta náisiúnta a mBallstáit***, ach amháin má dhiúltaigh an comhalta náisiúnta a rinne an cinneadh na sonraí a iontráil sa chóras bainistithe sonraí do rochtain den sórt sin go sainráite***; | (a) sonraí a rialaíonn comhalta náisiúnta a mBallstáit; |

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6**
Rialachán (AE) 2018/1727
Airteagal 25 – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfaidh an comhalta náisiúnta cinneadh, laistigh de na teorainneacha dá bhforáiltear i mír 1 den Airteagal seo, maidir leis an méid rochtana arna thabhairt ina mBallstát do na daoine dá dtagraítear in Airteagal 20(3) ***sa mhéid go bhfuil siad nasctha leis an gcóras bainistithe cásanna***. | 2. Déanfaidh an comhalta náisiúnta cinneadh, laistigh de na teorainneacha dá bhforáiltear i mír 1 den Airteagal seo, maidir leis an méid rochtana arna thabhairt ina mBallstát do na daoine dá dtagraítear in Airteagal 20(3)***, pointí (a), (b) agus (c)***. |

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6**
Rialachán (AE) 2018/1727
Airteagal 25 – mír 3 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfaidh gach Ballstát cinneadh, tar éis dul i gcomhairle lena chomhalta náisiúnta, | Déanfaidh gach Ballstát cinneadh, tar éis dul i gcomhairle lena chomhalta náisiúnta, |

maidir leis an méid rochtana arna thabhairt sa Bhallstát sin do na daoine dá dtagraítear in Airteagal 20(3) ***sa mhéid go bhfuil siad nasctha leis an gcóras bainistithe cásanna***.

maidir leis an méid rochtana arna thabhairt sa Bhallstát sin do na daoine dá dtagraítear in Airteagal 20(3)***, pointí (a), (b) agus (c)***.

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6**
Rialachán (AE) 2018/1727
Airteagal 25 – mír 3 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Tabharfaidh na Ballstáit fógra do Eurojust agus don Choimisiún maidir lena gcinneadh i ndáil le cur chun feidhme na chéad fomhíre. Cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit eile ar an eolas faoi sin.*** |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7 – pointe b**
Rialachán (AE) 2018/1727
Airteagal 27 – mír 5 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Féadfaidh Eurojust leanúint de na sonraí pearsanta oibríochtúla dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír a phróiseáil freisin i ndiaidh go dtabharfar na himeachtaí chun críche faoi dhlí náisiúnta an Bhallstáit lena mbaineann, fiú i gcás éigiontaithe. I gcás nár eascair ciontú as na himeachtaí, ní ***fhéadfar*** sonraí pearsanta a phróiseáil ach chun ***naisc*** a shainaithint ***le himscrúduithe*** agus ionchúisimh leanúnacha nó ***críochnaithe*** eile dá dtagraítear in Airteagal 23(2), pointe (c).***;*** | ***Mura gcinnfidh an t-údarás inniúil náisiúnta a mhalairt, ar bhonn cás ar chás,*** féadfaidh Eurojust leanúint de na sonraí pearsanta oibríochtúla dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír a phróiseáil freisin i ndiaidh go dtabharfar na himeachtaí chun críche faoi dhlí náisiúnta an Bhallstáit lena mbaineann, fiú i gcás éigiontaithe. I gcás nár eascair ciontú as na himeachtaí, ní ***dhéanfar*** sonraí pearsanta a phróiseáil ach chun ***trasnaisc*** a shainaithint ***idir imscrúduithe*** agus ionchúisimh leanúnacha***, ionchúisimh a bheidh ann amach anseo*** nó ***ionchúisimh chríochnaithe*** eile dá dtagraítear in |

Airteagal 23(2), pointe (c). ***Tá feidhm aige sin freisin maidir le sonraí pearsanta oibríochtúla a bhaineann le duine a bhí ina ábhar do chinneadh críochnaitheach gan ionchúiseamh a dhéanamh.***

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8 – pointe a**
Rialachán (AE) 2018/1727
Airteagal 29 – mír 1a – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) 5 bliana tar éis an dáta a raibh an cinneadh breithiúnach sa Bhallstát deireanach lena mbaineann an t-imscrúdú nó an t-ionchúiseamh ina chinneadh críochnaitheach, 3 bliana i gcás éigiontaithe**.**; | (b) 5 bliana tar éis an dáta a raibh an cinneadh breithiúnach sa Bhallstát deireanach lena mbaineann an t-imscrúdú nó an t-ionchúiseamh ina chinneadh críochnaitheach, 3 bliana i gcás ***tarraingt siar díotála,*** éigiontaithe ***nó cinneadh deiridh gan ionchúiseamh a dhéanamh***; |

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8 – pointe a**
Rialachán (AE) 2018/1727
Airteagal 29 – mír 1a – pointe b a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) an dáta a chuirtear Eurojust ar an eolas faoi chinneadh an údaráis náisiúnta inniúil de bhun Airteagal 27(5).;*** |

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9**
Rialachán (AE) 2018/1727
Airteagal 54a – mír 3 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ionchúisitheoirí idirchaidrimh a thugtar ar iasacht do Eurojust, deonófar rochtain dóibh ar an gcóras bainistithe cásanna chun sonraí a mhalartú go slán. | Ionchúisitheoirí idirchaidrimh a thugtar ar iasacht do Eurojust, deonófar rochtain dóibh ar an gcóras bainistithe cásanna chun sonraí a mhalartú go slán. ***I gcomhréir le hAirteagal 45 agus le hAirteagal 46, leanfaidh Eurojust de bheith faoi dhliteanas as próiseáil sonraí pearsanta ag ionchúisitheoirí idirchaidrimh.*** |

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 11**
Rialachán (AE) 2018/1727
Iarscríbhinn III – pointe a – fleasc 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| — ***sloinne (ainm teaghlaigh);*** | — ***- I gcás duine nádúrtha:*** |
| | ***sloinne (ainm teaghlaigh);*** |

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 11**
rialachán (AE) 2018/1727
Iarscríbhinn III – pointe a – fleasc 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| — céadainmneacha (***ainmneacha*** baiste***, ailias***); | — céadainmneacha (***ainm*** baiste); |
| | ***ailias*** |

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 11**
Rialachán (AE) 2018/1727
Iarscríbhinn III – pointe a – fleasc 6

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| — doiciméad aitheantais**,** | — doiciméad aitheantais ***(cineál agus uimhir)*** |
| | ***áit chónaithe;*** |
| | ***- I gcás duine dlítheanach:*** |
| | ***ainm an ghnóthais;*** |
| | ***foirm dhlíthiúil;*** |
| | ***áit na ceanncheathrún;*** |
| | ***- Don dá cheann*** |
| | ***uimhreacha teileafóin;*** |
| | ***seoltaí IP;*** |
| | ***seoltaí ríomhphoist;*** |
| | ***sonraí na gcuntas bainc i mbainc nó in institiúidí airgeadais;*** |

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 11**
Rialachán (AE) 2018/1727
Iarscríbhinn III – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) faisnéis faoin gcion sceimhlitheoireachta***:*** | (b) faisnéis faoin gcion sceimhlitheoireachta***;*** |
| | ***- faisnéis a bhaineann le daoine dlítheanacha a bhfuil baint acu le cion sceimhlitheoireachta a ullmhú nó a dhéanamh;*** |

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 11**
Rialachán (AE) 2018/1727
Iarscríbhinn III – pointe d – fleasc 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| — sonraí méarlorg a bailíodh i gcomhréir leis an dlí náisiúnta le linn imeachtaí coiriúla; | — sonraí méarlorg ***agus sonraí bithmhéadracha eile*** a bailíodh i gcomhréir leis an dlí náisiúnta le linn imeachtaí coiriúla; |

# RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Chun an sceimhlitheoireacht a chomhrac go héifeachtach, tá sé riachtanach go ndéanfaidh údaráis inniúla na mBallstát agus gníomhaireachtaí an Aontais faisnéis a d'fhéadfadh tacú le cionta sceimhlitheoireachta a chosc, a imscrúdú, a bhrath agus a ionchúiseamh.

Tá sé ríthábhachtach freisin go mbeadh an fhaisnéis is iomláine, eagraithe agus cothrom le dáta ann lenar féidir í a mhalartú trí bhealaí slána chumarsáide.

Faoi Chinneadh 2005/671/CGB ón gComhairle, ní mór sonraí a bhaineann le cásanna sceimhlitheoireachta 'a dhéanann difear nó a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do dhá Bhallstát nó níos mó' a sheoladh chuig Eurojust.

Mar sin féin, tá Córas Bainistithe Cásanna Eurojust (CMS) reatha, a bunaíodh in 2008, as dáta go teicniúil agus níl sé in ann an Clár Breithiúnach Frithsceimhlitheoireachta Eorpach (CTR), a seoladh i mí Mheán Fómhair 2019, a chomhtháthú agus tacú leis.

Leis an tionscnamh nua seo, comhtháthófar CTR go dleathach agus go teicniúil i CMS Eurojust, chun Eurojust a chumasú chun naisc idir imeachtaí comhthreomhara trasteorann i gcásanna sceimhlitheoireachta agus i gcásanna eile na coireachta tromchúisí a shainaithint agus aiseolas a thabhairt d'údaráis inniúil na mBallstát. Leis an rialachán nua seo, déanfar CMS a nuachóiriú agus rialófar rochtain oibríochtúil ionchúisitheoirí idirchaidrimh tríú tír ar CMS Eurojust.

Dá bhrí sin, moltar na forálacha seo a leanas sa dréacht-tuarascáil a thíolaic an Rapóirtéir:

- aistrithe faisnéise a cheadú ag céim luath de na himeachtaí breithiúnacha. Tá sé sin tábhachtach chun a áirithiú gur féidir naisc anaithnide a shainaithint ón tús agus go ráthófar comhordú láithreach imscrúduithe comhthreomhara;
- foráil a dhéanamh go gcoinneofar Eurojust ar an eolas faoi na céimeanna arna nglacadh i ndáil le gach nasc sainaitheanta, fiú nuair nach n-iarrtar aon chúnamh ó Eurojust;
- a áirithiú go gcoinneoidh na húdaráis náisiúnta inniúla an fhaisnéis cothrom le dáta agus go gcuirfidh siad faisnéis nua ar fáil do Eurojust go rialta le linn na n-imeachtaí;
- eisceachtaí an-teoranta a choinneáil maidir le haistriú sonraí a bhaineann le cásanna sceimhlitheoireachta ar bhonn náisiúnta amháin;
- urraim a thabhairt do phrionsabal an íoslaghdaithe sonraí;
- a áirithiú go ndéantar an córas TF díláraithe a chomhtháthú i CMS Eurojust ar bhealach lenar féidir faisnéis a sheoladh a fháil/a iompórtáil go díreach. Úsáidfidh na húdaráis inniúla an córas TF díláraithe le linn dóibh ionstraimí comhair bhreithiúnaigh a chur i bhfeidhm de bhun an Rialacháin atá beartaithe maidir le digiteáil an chomhair bhreithiúnaigh agus nuair a bheidh sonraí á seoladh chuig Eurojust de bhun an togra reatha freisin. Leis an bhforáil nua in Airteagal 22a (1), sholáthrófaí an nasc is gá idir an dá Rialachán agus d'áiritheofaí go mbeadh an córas TF díláraithe nasctha agus deartha ar bhealach atá comhoiriúnach le CMS;
- cineálacha nua sonraí a thabhairt isteach a bheidh le próiseáil ag Eurojust i gcomhthéacs CTR.

..Cuirfidh na hathruithe atá beartaithe ar chumas Eurojust a idirghníomhú le húdaráis inniúla na mBallstáit a bharrfheabhsúú
agus an tseirbhís is fearr is féidir a sholáthar dóibh.

# NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Rialachán leasaitheach (AE) 2018/1727 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinneadh 2005/671/CGB ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le malartú digiteach faisnéise i gcásanna sceimhlitheoireachta |
| **Tagairtí** | COM(2021)0757 – C9-0449/2021 – 2021/0393(COD) |
| **Dáta tíolactha chun PE** | 2.12.2021 |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | LIBE<br>17.1.2022 |
| **Coistí ar iarradh tuairim orthu**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | BUDG<br>17.1.2022 |
| **Gan tuairim a thabhairt**<br>Dáta an chinnidh | BUDG<br>9.12.2021 |
| **Rapóirtéirí**<br>Dáta an cheapacháin | Patryk Jaki<br>20.4.2022 |
| **Pléite sa choiste** | 5.9.2022 |
| **Dáta an ghlactha** | 25.10.2022 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 52<br>–: 1<br>0: 3 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Abir Al-Sahlani, Konstantinos Arvanitis, Pietro Bartolo, Vladimír Bilčík, Vasile Blaga, Karolin Braunsberger-Reinhold, Patrick Breyer, Saskia Bricmont, Joachim Stanisław Brudziński, Damien Carême, Patricia Chagnon, Caterina Chinnici, Lena Düpont, Lucia Ďuriš Nicholsonová, Laura Ferrara, Sylvie Guillaume, Andrzej Halicki, Evin Incir, Sophia in 't Veld, Patryk Jaki, Marina Kaljurand, Fabienne Keller, Łukasz Kohut, Moritz Körner, Jeroen Lenaers, Juan Fernando López Aguilar, Nadine Morano, Javier Moreno Sánchez, Theresa Muigg, Maite Pagazaurtundúa, Paulo Rangel, Karlo Ressler, Birgit Sippel, Sara Skyttedal, Vincenzo Sofo, Tineke Strik, Tomas Tobé, Yana Toom, Elissavet Vozemberg-Vrionidi, Elena Yoncheva, Javier Zarzalejos |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Susanna Ceccardi, Gwendoline Delbos-Corfield, Erik Marquardt, Matjaž Nemec, Janina Ochojska, Philippe Olivier, Sira Rego, Franco Roberti, Rob Rooken, Ramona Strugariu, Róża Thun und Hohenstein |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Asim Ademov, Mohammed Chahim, Morten Løkkegaard, Jadwiga Wiśniewska |
| **Dáta don chur síos** | 27.10.2022 |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 52 | + |
|---|---|
| ECR | Joachim Stanisław Brudziński, Patryk Jaki, Vincenzo Sofo, Jadwiga Wiśniewska |
| ID | Susanna Ceccardi, Patricia Chagnon, Philippe Olivier |
| PPE | Asim Ademov, Vladimír Bilčík, Vasile Blaga, Karolin Braunsberger-Reinhold, Lena Düpont, Andrzej Halicki, Jeroen Lenaers, Nadine Morano, Janina Ochojska, Paulo Rangel, Karlo Ressler, Sara Skyttedal, Tomas Tobé, Elissavet Vozemberg-Vrionidi, Javier Zarzalejos |
| RENEW | Abir Al-Sahlani, Lucia Ďuriš Nicholsonová, Sophia in 't Veld, Fabienne Keller, Moritz Körner, Morten Løkkegaard, Maite Pagazaurtundúa, Ramona Strugariu, Róża Thun und Hohenstein, Yana Toom |
| S&D | Pietro Bartolo, Mohammed Chahim, Caterina Chinnici, Sylvie Guillaume, Evin Incir, Marina Kaljurand, Łukasz Kohut, Juan Fernando López Aguilar, Javier Moreno Sánchez, Theresa Muigg, Matjaž Nemec, Franco Roberti, Birgit Sippel, Elena Yoncheva |
| VERTS/ALE | Patrick Breyer, Saskia Bricmont, Damien Carême, Gwendoline Delbos-Corfield, Erik Marquardt, Tineke Strik |

| 1 | - |
|---|---|
| THE LEFT | Sira Rego |

| 3 | 0 |
|---|---|
| ECR | Rob Rooken |
| THE LEFT | Konstantinos Arvanitis, Malin Björk |

Eochair:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh